



10/04/2014

Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18



Daltaí ó R3B & R2B faoi stiúir Shay Lally ón Mobile Music School

Ceardlann Cnaguirlise : Percussion Workshop

Fuaireamar Shay Lally ón Mobile Music School le teacht isteach le ceardlanna cnaguirlise a rith le daltaí ranganna a 2 & a 3 an tseachtain seo chaite. Bhain na páistí an-taithneamh go deo as an gceardlann agus b'iontach an deis dóibh é úsáid a bhaint as cnaguirlisí éagsúla a bhí ar fáil. Bhí fuaim & buille láidir na gcnaguirlisí le cloisteáil ar fud na scoile ar feadh an lae. Tá súil againn Shay a fháil ar ais arís taréis na Cásca le seans a thabhairt do ranganna eile tabhairt faoin gceardlann – tá a fhios agam go rabhadar ag féachaint isteach sa halla ag súil go bhfaighfeadh a rang seans!

We got Shay Lally from the Mobile Music School to come into the school last week to run percussion workshops with rang a 2 and rang a 3. The children thoroughly enjoyed the experience and it was great that they had the opportunity to try out the various percussion instruments on offer. A loud and rhythmic drumming beat could be heard all day through out the school! We hope to have Shay back again next term so that another few classes can experience and enjoy the workshop - I know they were looking longingly into the hall wishing their class would get a go!

Saoire na Cásca : Easter Holidays

Beidh an scoil ag dúnadh do laethanta saoire na Cásca Amárach an AOINE **11 Aibreán** ag a 12.00

The school will close tomorrow FRIDAY the 11th of April for the Easter Holidays at 12.00

Osclóidh an scoil don ath-bhlain an **LUAN, 28 Aibreán**.

The school will re-open on MONDAY the 28th of April



Siúlóid Urraithe Scoile : School Sponsored Walk

Ná déan dearmad go mbeidh an siúlóid urraithe scoile ar siúl ar an gCéadaoin an 30 Aibreán ag a 8am. Seoladh na cártaí urraithe abhaile ar an Mháirt - féach sa mhála scoile muna bhfuil sé feicthe agat agus déan iarracht urraíocht a fháil don siúlóid i rith saoire na cásca.

Don't forget that our annual sponsored school walk will take place on the 30th of April, which is the first Wednesday back after the Easter holidays. Sponsorship cards were sent home on Tuesday - if you haven't seen it please check the bottom of the school bags and don't forget to 'hound' neighbours, friends and family for sponsorship over the Easter break!

Clós Uile-aimseara : All-weather Yard

Mar is eol daoibh ba mhaith le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille clós uile-aimseara a chur ar shuíomh na scoile más féidir é. Cé go bhfuil roinnt mhaith féarach timpeall ar an scoil tá an suíomh srianta ó thaobh tomhais agus cruth de agus níl suíomh ar bith againn atá mór go leor le go bhféadfaimis páirc peile/iománaíochta a chur ar fáil. Agus é sin ráite tá súil againn fós clós uile-aimseara d'ard chaighdeán a chur isteach a d'fhéadfaí a úsáid do thraenáil spóirt agus mar clós súgartha scoile.

Más spéis leat lámh cunta a thabhairt dúinn & má tá saineolas d'aon tsaghas agat (saineolas tógála, ailtireachta, suirbhéireachta, innealtóireachta, spóirt srl.) a chuideoidh linn leis an bhfiontar seo ba bhreá linn dá dtiocfá ar bord agus cabhrú linn.

As you are aware the School's Board of Management are looking into the feasibility and practicality of developing an all-weather yard/pitch on the school grounds. Although we have a nice bit of green area around the school the site is limited in size and shape and we do not have an area in which we could put in a full sized junior football/hurling pitch. However we do hope to be able to put in a high quality all-weather yard that can be used for training purposes as well as doubling up as a high quality playing yard. If you are interested in helping out with this venture and if you have any sort of expertise (be it in construction, architecture, surveying, engineering, sporting, fundraising etc.) that may be useful for this project we would love you to come on board and help us out.

Scéalta Gearra

Cóineartú

Comhghairdeachas leis na cailíní agus buachaillí ar fad i Rang a 6 a chuaigh faoi lámh an Easpag ar an Aoine an 28 Márta. Ba é an tEaspag Fiachra Ó Ceallaigh a rinneadh an sacraimint a cheiliúradh agus bhí sé fíor lách leis na daltaí agus chuir sé go mór ar a suaimhneas iad. Buíochas speisialta leis an múinteoir ranga Cormac Chambers as na daltaí a ullmhú don chóineartú agus buíochas freisin leis an tAthair Gerry agus an tAthair Leon as an gcabhair a thug siad dó.

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí & Tuismitheoirí Rang a 5 a d'eagraigh an teacht le chéile sa scoil i ndiaidh an chóineartú.

Boscaí Trócaire


Seol na boscaí trócaire ar ais chun na scoile taréis Saoire na Cásca. Baileofar na Boscaí Trócaire ón scoil ar an Déardaoin an 1 Bealtaine agus ní ghlacfar le bosca ar bith ina dhiaidh sin.

Feis Átha Cliath

Comhghairdeachas leis na daltaí ó R3 go R6 (42 páiste ar fad) a bhí ag iomaíocht i gcomórtas rince Feis Átha Cliath inné. Tháinig gach duine acu abhaile le bonn nó dhó agus dhá chéad áit ina measc! Buíochas lenár múinteoir Rince Nuala Ní Eochaidh as iad a ullmhú do na comórtais rincí fóirne agus buíochas mór freisin don Múinteoir Úna Ní Fhlatharta as na rinceoirí seite a mhúineadh agus a réiteach.

Crannchur Cásca

Tá crannchur cásca á eagrú ag Coiste na dTuismitheoirí. Bíonn na ticéid ar díol acu amuigh i gclós na scoile ar maidin & ag am dul abhaile. **€1 an ceann atá ar na ticéid agus tá duaiseanna breátha & go leor leor uibheacha cásca le buachaint.** Déanfar an tarraingt i rith an lae amárach!



News in Brief

Confirmation

Congratulations to all the girls and boys in R6 who were confirmed on the 28th of March. Bishop Fiachra Ó Ceallaigh officiated at the confirmation and he was really lovely and made the children feel totally at ease on the day. A special thanks to an Múinteoir Cormac Chambers for all the work he did in preparing the children for the sacrament and thanks also to Father Gerry Moore and an tAthair Leon Ó Giolláin for all their help.

Mile buíochas to Coiste na dTuismitheoirí & Tuismitheoirí R5 for organising the get together afterwards in the school. I know it was appreciated by the confirmation pupils & parents.

Trócaire Boxes

Please return Trócaire Boxes to the school after the Easter holidays. They will be collected from the school on Thursday the 1st of May and no boxes will be accepted after that day.

Feis Átha Cliath

Comhghairdeachas to the pupils from R3 - R6 (42 pupils in total) who competed in the dancing section of Feis Átha Cliath yesterday. They were all placed in their competitions (including two first places) and each and everyone came home with a medal or two! Buíochas to our múinteoir Rince Nuala Ní Eochaidh for preparing the céilí dancing groups and buíochas to an Múinteoir Úna Ní Fhlatharta for teaching the set dancers.

Easter Raffle

Coiste na dTuismitheoirí are holding an Easter Raffle. Tickets for the raffle are on sale in the school yard in the mornings and at the end of the day. Tickets cost €1 each and there are lots of lovely prizes and easter eggs go leor to be won. The winning tickets will be drawn tomorrow.

